C/2026/4630

31.8.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4630)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Arlanza’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0613-AM04 — 3.6.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Arlanza’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar an sonraíocht táirge ATFC Arlanza; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d’aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna’ainmniú leis an tásc geografach; níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

CINEÁLACHA NUA FÍONA A CHUIMSIÚ

Tuairisc

Cuireadh fíonta dearga a bhfuil maothú carbónach déanta orthu agus fíonta dearga milse (dá ngairtear 'oighearfhíonta') le catagóir 1, arb í an t-aon chatagóir a chumhdaítear leis an tsonraíocht táirge. Tugadh tuairisc ar a dtréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha agus sonraíodh na dálaí táirgeachta.

Baineann an leasú sin le pointí 2 agus 3.b.1 den tsonraíocht táirge agus le pointí 6 agus 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

AN LIMISTÉAR CRÍOCHAITHE GEOGRAFACH A LEATHNÚ

Tuairisc

Leathnaíodh é le ceithre bhardas i gcúige Burgos (Ciadoncha, Palazuelos de Muño, Pampliega agus Santa María del Mercadillo) agus bardas amháin i gcúige Palencia (Villaviudas).

Baineann an leasú sin le pointe 4 den tsonraíocht táirge agus le pointe 9 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

ATHDHRÉACHTÚ AR AN ROINN MAIDIR LEIS AN NASC

Tuairisc

Ba ghá an tagairt do tháirgeadh oighearfhíonta a áireamh agus feabhas a chur ar fhoclaíocht an limistéir gheografaigh lena mbaineann, i gcomhréir leis na leasuithe a leagadh amach cheana. Ní mheastar an leasú seo a bheith san áireamh sa chás dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Ní athraíonn sé sin an nasc; ní dhearnadh ach feabhas a chur ar an bhfoclaíocht.

Baineann an leasú seo le pointe 7 den tsonraíocht táirge, ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

POINTE 9 LENA SEICEÁILTEAR COMHLÍONADH NA SONRAÍOCHTA TÁIRGE A BHAINT

Tuairisc

Baineann sé sin le Pointe 9 den tsonraíocht táirge a bhaint toisc nach bhfuil sé éigeantach é a áireamh.

Scriosadh pointe 9 den tsonraíocht. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Arlanza’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0613-AM04 — 3.6.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Arlanza’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

FÍON — fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta geala: ó thaobh cuma de, bíonn idir buí ar dhath an airgid agus órbhuí ar na himireacha, bíonn siad geal agus/nó lonrach, gan aon solad ar fuaidreamh.

Fíonta geala aosaithe: ó thaobh cuma de, bíonn idir buí ar dhath an airgid agus órbhuí ar na himireacha, bíonn siad geal agus/nó lonrach, gan aon solad ar fuaidreamh.

Dea-bholadh

Fíonta geala: dea-bholaithe torthaíocha is saintréith dóibh.

Fíonta geala aosaithe: saintréithe dá chuid is ea dea-bholaithe torthaíocha, b’fhéidir dea-bholaithe adhmadacha ina theannta sin.

Blas

Fíonta geala: Tá siad cothrom agus úr

Fíonta geala aosaithe: Tá siad cothrom agus úr, is fíonta iad a d’fhéadfadh aosú in adhmad a chur i gcuimhne.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON – fíonta *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta *rosé*: Ó thaobh cuma de, bíonn idir dath chraiceann an oinniúin go dath dearg na sú talún ar na himireacha; tá siad geal agus/nó lonrach, gan aon solad ar fuaidreamh.

Fíonta *rosé* aosaithe: Ó thaobh cuma de, bíonn idir dath chraiceann an oinniúin go dath bándearg na sú craobh lena mbaineann miondifríochtaí ón aosú ar na himireacha, geal agus/nó lonrach, gan aon solad ar fuaidreamh.

Dea-bholadh

Fíonta *rosé*: Is saintréith díobh a ndea-bholaithe torthaí dearga agus/nó dubha.

Fíonta *rosé* aosaithe: Is saintréith dóibh a ndea-bholaithe de thorthaí dearga úra agus/nó stofa agus dea-bholaithe adhmadacha.

Blas

Fíonta *rosé*: Tá siad úr agus cothrom.

Fíonta *rosé* aosaithe: Tá siad úr agus cothrom.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach:

Le haghaidh fíonta a cuireadh ar an margadh sa chéad bhliain i ndiaidh na buainte: 13,33 meq/l

Maidir le fíonta a aosaítear níos mó ná 1 bhliain amháin, níor cheart dóibh an teorainn a shárú, a ríomhtar mar a leanas: 1 g/l (16,67 meq/l) suas le 10 % de réir toirte, móide 0,06 g/l (1 meq/l) do gach céim níos mó ná 10 %. In aon chás, ní fhéadfaidh an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 1,08 g/l (18 meq/l).

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON – dearg óg agus fíonta a dhéantar trí mhaothú carbónach

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Ó thaobh cuma de, bíonn a gcuid imireacha idir corcairghorm-dhearg agus corcra-dhearg, agus léirítear leis an dath ar an imeall gur fíonta úra iad; tá siad geal, gan aon solad ar fuaidreamh.

Dea-bholadh

Tá dea-bholaithe torthaí dearga agus/nó dubha lena mbaineann déine mheánach nó ard mar shaintréith díobh.

Blas

Tá siad cothrom agus úr.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach:

Le haghaidh fíonta a cuireadh ar an margadh sa chéad bhliain i ndiaidh na buainte: 13,33 meq/l

Maidir le fíonta a aosaítear níos mó ná 1 bhliain amháin, níor cheart dóibh an teorainn a shárú, a ríomhtar mar a leanas: 1 g/l (16,67 meq/l) suas le 10 % de réir toirte, móide 0,06 g/l (1 meq/l) do gach céim níos mó ná 10 %. In aon chás, ní fhéadfaidh an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 1,08 g/l (18 meq/l).

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON — fíonta dearga aosaithe

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Ó thaobh cuma de, bíonn idir dath dearg an ghairnéid agus dath donnrua ar na himireacha, lena mbaineann miondifríochtaí ón bpróiseas aosaithe; tá siad geal, gan aon solad ar fuaidreamh.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe cothroma adhmaid agus torthaí mar shaintréith de na fíonta, ag brath ar fhad an aosaithe.

Blas

Tá siad tirim agus tá aigéadacht chothrom acu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach:

Le haghaidh fíonta a cuireadh ar an margadh sa chéad bhliain i ndiaidh na buainte: 16,67 meq/l

Maidir le fíonta a aosaítear níos mó ná 1 bhliain amháin, níor cheart dóibh an teorainn a shárú, a ríomhtar mar a leanas: 1 g/l (16,67 meq/l) suas le 10 % de réir toirte, móide 0,06 g/l (1 meq/l) do gach céim níos mó ná 10 %. In aon chás, ní fhéadfaidh an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 1,2 g/l (20 meq/l).

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON — Fíonta dearga milse

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn a gcuid ton sa raon ó dhath buí na tuí go dath buí órga.; tá siad geal, gan aon solad ar fuaidreamh.

Dea-bholadh

Tá dea-bholaithe torthaíocha nó bláthanna de dhéine mheasartha nó ard mar shaintréith acu.

Blas

Tá siad cothrom i dtéarmaí neart alcóil, aigéadachta agus méid siúcra iarmharaigh.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach:

Le haghaidh fíonta a cuireadh ar an margadh sa chéad bhliain i ndiaidh na buainte: 13,33 meq/l

Maidir le fíonta a aosaítear níos mó ná 1 bhliain amháin, níor cheart dóibh an teorainn a shárú, a ríomhtar mar a leanas: 1 g/l (16,67 meq/l) suas le 10 % de réir toirte, móide 0,06 g/l (1 meq/l) do gach céim níos mó ná 10 %. In aon chás, ní fhéadfaidh an aigéadacht luaineach a bheith níos mó ná 1,2 g/l (20 meq/l).

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

— Neart alcóil féideartha íosta na bhfíonchaor: 10,5 % i gcás cineálacha geala agus 11,5 % i gcás cineálacha dearga.

— Táirgeacht úsctha uasta: 72 lítear in aghaidh 100 cileagram d'fhíonchaora.

— Maothú carbónach: Na fíonchaora slána a chur i ndabhach, gan iad a bhriseadh, iad a choinneáil ar bun i dtimpeallacht atá lán le CO2 agus iad á gcoipeadh go hincheallach. Ansin baintear na gais díobh, brúitear agus maothaítear iad, nó brúitear go díreach iad, agus leantar den choipeadh alcólach an tráth céanna. Táirgtear alcól agus comhdhúile aramatacha eile leis an gcoipeadh incheallach.

— 'Oighearfhíon' Ní mór na fíonchaora a bhuain nuair a bhíonn siad reoite (tá an teocht sin níos ísle nó tá sí idir -2 °C agus -7 °C). Brúitear na fíonchaora agus iad fós reoite, gan díghasú roimh ré. Ní chuirtear aon siúcra ná alcól leo le haghaidh an phróisis coipthe. Is siúcra iarmharach nádúrtha é an siúcra atá san fhíon, ag deireadh an phróisis coipthe (gan aon siúcra sa bhreis). Féadfar coipeadh, chomh maith le haosú, a dhéanamh in umair nó i mbairillí.

— Cinntear go dtosaíonn na tréimhsí aosaithe le haghaidh na bhfíonta a n-úsáidtear na téarmaí 'Crianza', 'Reserva' agus 'Gran Reserva' ina leith ón 1 Samhain i mbliain na buainte.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Tuairisc

Ní mór na fíonta geala a tháirgeadh go heisiach ó na cineálacha geala Albillo agus Viura. Ní mór na fíonta *rosé* a tháirgeadh ó na cineálacha seo a leanas: Tinta del País, Garnacha Tinta, Mencía, Cabernet Sauvignon, Merlot, Petit Verdot, Albillo Mayor agus Viura, agus beidh na cineálacha dearga in 50 % díobh ar a laghad. Ní mór na fíonta dearga a dhéanamh as fíonchaora ar de na cineálacha dearga seo a leanas 75 % díobh ar a laghad: Tinta del País, Garnacha Tinta, Mencía, Cabernet Sauvignon, Merlot agus Petit Verdot.

Cleachtas fíoneolaíoch

MODHANNA FÁIS

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar fhíonóireacht

Tuairisc

Dlús íosta fíniúnacha: 2 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	10 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	72
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / sórt / cineál

Cineálacha dearga

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	7 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / sórt / cineál

Cineálacha dearga

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	50,40
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / sórt / cineál

Cineálacha geala chun 'Vino de Pueblo' nó 'Vino de Villa' a dhéanamh

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	8 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / sórt / cineál

Cineálacha geala chun 'Vino de Pueblo' nó 'Vino de Villa' a dhéanamh

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	57,6
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / sórt / cineál

Cineálacha dearga chun 'Vino de Pueblo' nó 'Vino de Villa' a dhéanamh

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	5 600
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / sórt / cineál

Cineálacha dearga chun 'Vino de Pueblo' nó 'Vino de Villa' a dhéanamh

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	40,32
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— ALBILLO MAYOR

— CABERNET SAUVIGNON

— GARNACHA TINTA

— MACABEO — VIURA

— MENCÍA

— MERLOT

— PETIT VERDOT

— TEMPRANILLO — TINTA DEL PAIS

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Cumhdaítear leis na bardais agus na heintitis áitiúla seo a leanas:

— Cúige Burgos: Avellanosa de Muñó agus na heintitis níos lú: Pinedillo, Paules del Agua agus Torrecítores del Enebral; Ciruelos de Cervera (polagán cadastrach 518) agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Briongos de Cervera; Cebrecos, Cilleruelo de Abajo, Cilleruelo de Arriba, Covarrubias agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Ura; Fontioso, Iglesiarrubia, Lerma agus na heintitis níos lú seo a leanas: Revilla Cabriada, Castrillo Solarana, Rabé de los Escuderos, Santillán del Agua, Ruyales del Agua agus Villoviado; Los Balbases (polagán cadastrach 523), Madrigal del Monte, Madrigalejo del Monte agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Montuenga; Mahamud, Nebreda, Palazuelos de Muño, Pampliega, Peral de Arlanza, Pineda Trasmonte, Pinilla Trasmonte, Puentedura, Quintanilla del Agua, Tordueles, Quintanilla del Coco agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Castroceniza; Quintanilla de la Mata, Retuerta, Revilla Vallejera, Royuela de Riofranco, Santa Cecilia, Santa Inés, Santa María del Campo, Santa Maria del Mercadillo, Santibáñez del Val, Santo Domingo de Silos, Solarana, Tordomar, Torrecilla del Monte, Torrepadre, Valles de Palenzuela, Villafruela, Villahoz, Villalmanzo, Villamayor de los Montes, Villangómez agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Villafuertes; Villaverde del Monte agus Zael.

— Cúige Palencia: Baltanás agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Valdecañas de Cerrato, Cobos de Cerrato, Cordovilla la Real, Espinosa de Cerrato, Herrera de Valdecañas, Hornillos de Cerrato, Palenzuela, Quintana del Puente, Tabanera de Cerrato, Torquemada, Villahán, Villaviudas agus Villodrigo.

I mbardas Los Balbases, níl ach an limistéar laistigh de pholagán cadastrach 523 oiriúnach chun na fíniúnacha faoi chosaint a shaothrú. I mbardas Ciruelos de Cervera, níl ach an limistéar laistigh de pholagán cadastrach 518 oiriúnach chun fíniúnacha faoi chosaint a shaothrú. I mbardas Villaviudas, tá an limistéar ag airde i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge oiriúnach chun fíniúnacha a shaothrú.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Is iad an aeráid fhoircneach ilchríochach (difríochtaí móra idir teochtaí i rith an lae agus teochtaí i rith na hoíche) agus an airde na tosca fisiceacha is tábhachtaí, go háirithe le linn an phróisis aibithe (mall agus moillithe). Táirgeacht íseal an limistéir freisin, a bhaintear amach trí dhlús íseal fíniúnacha agus trí thanúchán mór na mbarr. Sna dálaí sin, faigheann an cineál 'Tinta del País' gnéithe an-sainiúil a idirdhealaíonn an limistéar sin ó limistéir eile (carnadh polaifeanól agus réamhtheachtaithe aramatacha agus cothromaíocht idéalach idir alcól agus aigéadacht shuntasach). Tá flúirse polaifeanól sna fíonta, tá tathag agus aigéadacht mhór iontu, rud a fhágann go n-oireann siad go háirithe d'aosú.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

PACÁISTIÚ AG AN bhFOINSE

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Áirítear leis an bpróiseas fíonóireachta buidéalú agus mínghlanadh na bhfíonta. Ar an dóigh sin, ní féidir na tréithe orgánaileipteacha agus fisiceacha agus ceimiceacha a ráthú ach amháin má dhéantar na hoibríochtaí uile láimhseála fíona sa limistéar táirgeachta. Tá buidéalú fíonta ar cheann de na tosca atá ríthábhachtach chun na saintréithe sainithe a bhaint amach. Dá dheasca sin, agus d'fhonn cáilíocht a áirithiú agus ráthaíocht a sholáthar maidir le tionscnamh agus rialú, ní mór buidéalú a dhéanamh i monarchana buidéalaithe i bhfíonlanna atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

— Ní mór ainm geografach an ATFC, 'Arlanza', a bheith le feiceáil go soiléir ar lipéid na bhfíonta faoi chosaint. Is é Denominación de Origen ('ainmniúchán tionscnaimh') an téarma traidisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 112(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

— Ní mór bliain an fhíona a léiriú ar an lipéad, fiú mura n-aosaítear na fíonta.

— Féadfaidh na fíonta dearga agus na fíonta *rosé* na téarmaí traidisiúnta seo a leanas a úsáid ar an lipéad: 'Crianza', 'Reserva', agus 'Gran Reserva', ar choinníoll go gcomhlíonann siad an reachtaíocht ábhartha is infheidhme atá i bhfeidhm.

— Féadfaidh fíonta dearga agus fíonta *rosé* ATFC 'Arlanza' an téarma 'Roble' (dair) a úsáid ar an lipéad ar choinníoll go gcomhlíonann siad an reachtaíocht is infheidhme atá i bhfeidhm.

— Féadfaidh na fíonta an nath 'Fermentado en barrica' (coipithe i mbairille) a úsáid ar an bpríomhlipéad faoi na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm.

— Féadfar ainm aonaid gheografaigh níos lú ná iad siúd atá sa limistéar geografach (bardais agus eintitis níos lú) a úsáid, mar aon leis na téarmaí seo a leanas: 'Vino de Villa', ar choinníoll go dtagann 85 % de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon faoi chosaint a dhéanamh ó dháileachtaí talún atá suite san aonad geografach níos lú sin, agus 'Vino de Villa' ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon faoi chosaint a dhéanamh ó dháileachtaí talún atá suite sa bhardas nó sa cheantar sin. Ní mór dó an teorainn táirgeachta bhunaithe a chomhlíonadh freisin.

  Ní mór na focail 'Vino de Villa' a léiriú agus ainm geografach an bhardais ábhartha a mheastar gur 'Villa' é a chur ina ndiaidh. Seo iad a leanas: Lerma (agus a cheantair Castrillo Solarana, Villoviado, Revilla Cabriada, Rabé de los Escuderos, Santillán del Agua agus Ruyales del Agua), Covarrubias (agus a cheantar Ura), agus Santa Maria del Campo (agus a cheantar Escuderos).

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

http://www.itacyl.es/calidad-diferenciada/dop-e-igp/listado-dop-vinicas